RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1028 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar aerárthach atá á chumhachtú le mótair choimpléascacha agus lena gceartaítear an Rialachán sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(1) agus Airteagal 62(13) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ([2]) na ceanglais maidir le deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil do tháirgí, páirteanna agus fearais aerárthaí sibhialta, amhail innill, liáin agus páirteanna atá le suiteáil iontu, chun críocha Rialachán (AE) 2018/1139.

(2) Le hAirteagal 140(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), éilítear go gcuirfí iad in oiriúint do Rialachán (AE) 2018/1139 tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023. Dá bhrí sin ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú chun an sainmhíniú ar "aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach" a thabhairt isteach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ón gCoimisiún ([4]) leasaíodh Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 chun na tagairtí d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a thabhairt cothrom le dáta. Luadh go neamhbheartaithe in Airteagal 1, pointe (5), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 go gcuirtear in ionad mhíreanna 3 agus 4 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 é. Go deimhin, ba cheart é a chur in ionad mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal sin. Ba cheart Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a ionadú ina iomláine anois chun mearbhall a sheachaint.

(4) Luadh go neamhbheartaithe in Airteagal 1, pointe (6), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 go gcuirtear in ionad mhír 3 d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 é. Go deimhin, meastar go bhfuil Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 tábhachtach d'fheidhmiú ceart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus ba cheart é a choinneáil. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 8(3) bunaidh a thabhairt isteach arís mar mhír 6 nua.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire (IO L 205, 5.8.2022, lch. 7).

(5) Luadh go neamhbheartaithe in Airteagal 1, pointe (8), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 go gcuirtear in ionad mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 é. Go deimhin, meastar go bhfuil na forálacha sin tábhachtach d'fheidhmiú ceart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus ba cheart iad a choinneáil. Ba cheart Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a ionadú ina iomláine anois chun mearbhall a sheachaint.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, cuirtear an pointe (ha) seo a leanas isteach:

"(ha) ciallaíonn 'aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach':

(i) eitleán:

— a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh aige a sháraíonn 5 700 kg, nó

— atá deimhnithe d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán déag, nó

— atá deimhnithe chun oibriú le foireann de bheirt phíolótaí ar a laghad, nó

— atá feistithe le hinneall turbascairde nó le hinnill turbascairde nó le níos mó ná inneall turba-liáin amháin, nó

(ii) héileacaptar atá deimhnithe:

— d'uasmhais éirí de thalamh a sháraíonn 3 175 kg, nó

— d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán, nó

— chun oibriú le foireann de bheirt phíolótaí ar a laghad, nó

(iii) aerárthach claonrótair.".

Airteagal 2

Ceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

Bailíocht leanúnach deimhnithe cineáil agus deimhnithe aeracmhainneachta gaolmhara

1. Maidir le táirgí ag a raibh deimhniú cineáil, nó doiciméad lena gceadaítear deimhniú aeracmhainneachta a eisiúint, a d'eisigh Ballstát roimh an 28 Meán Fómhair 2003, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) measfar deimhniú cineáil a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo a bheith ag an táirge sna cásanna seo a leanas:

(i) ba é an bonn deimhniúcháin cineáil:

— bonn deimhniúcháin cineáil JAA, le haghaidh táirgí arna ndeimhniú faoi nósanna imeachta JAA, mar a shainítear ina mbileog sonraí JAA, nó

— le haghaidh táirgí eile, an bonn deimhniúcháin cineáil a shainítear i mbileog sonraí stát a ndeartha maidir le deimhniú cineáil, más fíor an méid seo a leanas faoi Stát sin a ndeartha:

— gur Ballstát a bhí ann, seachas má chinnfidh an Ghníomhaireacht, agus na sonraíochtaí deimhniúcháin agus an taithí sheirbhíse á gcur san áireamh, go háirithe, nach ndéanann bonn deimhniúcháin cineáil den sórt sin foráil maidir le leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo, nó

— gur stát é lenar thug Ballstát comhaontú aeracmhainneachta déthaobhach nó socrú den sórt céanna i gcrích faoinar deimhníodh na táirgí sin ar bhonn shonraíochtaí deimhniúcháin stát sin a ndeartha, seachas má chinnfidh an Ghníomhaireacht nach ndéanann na sonraíochtaí deimhniúcháin sin nó an taithí sheirbhíse sin nó córas sábháilteachta stát sin a ndeartha, foráil maidir le leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht an chéad mheastóireacht ar impleacht na bhforálacha sa dara fleasc d'fhonn tuairim a thabhairt don Choimisiún, lena n-áirítear leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo;

(ii) ba iad na ceanglais cosanta comhshaoil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn 16 de Choinbhinsiún Chicago, ab infheidhme maidir leis an táirge;

(iii) ba iad na treoracha aeracmhainneachta ab infheidhme treoracha stát sin a dheartha.

(b) dearadh aerárthaí aonair, a bhí ar chlár Ballstáit roimh an 28 Meán Fómhair 2003, measfar gur formheasadh é i gcomhréir leis an Rialachán seo sa chás seo a leanas:

(i) ba chuid de dheimhniú cineáil dá dtagraítear i bpointe (a) a dhearadh bunchineáil;

(ii) formheasadh gach athrú ar an dearadh bunchineáil sin, nach raibh faoi fhreagracht shealbhóir an deimhnithe cineáil; agus

(iii) comhlíonadh na treoracha aeracmhainneachta a d'eisigh nó a ghlac Ballstát an chláraithe roimh an 28 Meán Fómhair 2003, lena n-áirítear aon athrú ar threoracha aeracmhainneachta stát a dheartha a chomhaontaigh Ballstáit an chláraithe.

2. Maidir le táirgí a raibh próiseas deimhniúcháin cineáil ina leith ag dul trí JAA nó trí Bhallstát an 28 Meán Fómhair 2003, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) má tá táirge á dheimhniú ag roinnt Ballstát, úsáidfear an tionscadal ag a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta mar thagairt;

(b) ní bheidh feidhm ag pointí 21.A.15(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);

(c) de mhaolú ar phointe 21.B.80 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), is é an bonn deimhniúcháin cineáil an bonn arna bhunú ag JAA nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mBallstát ar dháta an iarratais ar an bhformheas;

(d) torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun críocha pointí 21.A.20(a) agus (d) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.

3. Maidir le táirgí ag a bhfuil deimhniú náisiúnta cineáil, nó a choibhéis, agus nach ndearnadh an próiseas formheasa maidir le hathrú arna dhéanamh ag Ballstát a thabhairt chun críche ina leith tráth ba ghá an deimhniú cineáil a fhormheas i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) má tá próiseas formheasta á dhéanamh ag roinnt Ballstát, úsáidfear an próiseas ag a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta mar thagairt;

(b) ní bheidh feidhm ag pointe 21.A.93 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);

(c) is é an bonn deimhniúcháin cineáil atá leagtha síos ag JAA nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mBallstát ar dháta an iarratais ar an athrú a fhormheas an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme;

(d) torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun críocha pointe 21.B.107 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.

4. Maidir le táirgí ag a raibh deimhniú náisiúnta cineáil, nó a choibhéis, agus nach ndearnadh an próiseas formheasa maidir le dearadh mórdheisiúcháin arna dhéanamh ag Ballstáit a thabhairt chun críche ina leith tráth ba ghá an deimhniú cineáil a chinneadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun pointe 21.A.433(a) d'Iarscríbhinn I (Cuir 21) a chomhlíonadh.

5. Deimhniú aeracmhainneachta arna eisiúint ag Ballstát lena bhfianaítear comhréireacht le deimhniú cineáil a cinneadh i gcomhréir le mír 1, measfar go gcomhlíonann sé an Rialachán seo.";

(2) in Airteagal 8, cuirtear mír 6 seo a leanas leis:

"6. Formheasanna eagraíochta deartha arna n-eisiúint nó arna n-aithint ag Ballstát i gcomhréir le ceanglais agus nósanna imeachta JAA agus a bhí bailí roimh an 28 Meán Fómhair 2003, measfar go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Eagraíochtaí táirgthe

1. Déanfaidh eagraíocht atá freagrach as monarú táirgí, páirteanna agus fearas a cumas a léiriú i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21). Ní gá an léiriú cumais sin i gcás na bpáirteanna nó na bhfearas a mhonaraíonn eagraíocht atá incháilithe, i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh (i.e. Foirm 1 de chuid EASA) a bheith ag gabháil leis.

2. De mhaolú ar phointe 1, féadfaidh monaróir a bhfuil a phríomháit ghnó i stát nach Ballstát é a cumas a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag an stát sin a bheith aici don táirge, don pháirt agus don fhearas a bhfuil feidhm aige maidir leis, ar choinníoll:

(a) gurb é an stát sin an stát inar monaraíodh é; agus

(b) gur chinn an Ghníomhaireacht go n-áirítear i gcóras an stáit sin an leibhéal neamhspleách céanna chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh dá bhforáiltear sa Rialachán seo, trí chóras coibhéiseach formheasanna eagraíochtaí nó trí rannpháirtíocht dhíreach údarás inniúil an stáit sin.

3. Formheasanna eagraíochta táirgthe arna n-eisiúint nó arna n-aithint ag Ballstát i gcomhréir le ceanglais agus nósanna imeachta JAA agus a bhí bailí roimh an 28 Meán Fómhair 2003, measfar go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an eagraíocht táirgthe iarratas ar dhíolúintí ó na ceanglais cosanta comhshaoil dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/1139 a chur faoi bhráid an údaráis inniúil.

5. De mhaolú ar phointí 21.B.225(d)(1) agus (2) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), féadfaidh eagraíocht táirgthe ag a bhfuil deimhniú bailí formheasa a eisíodh i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) aon neamhchomhlíontacht a fuarthas a bhaineann le ceanglais Iarscríbhinn I a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún (*) a cheartú go dtí an 7 Márta 2025.

I gcás nach mbeidh clabhsúr curtha faoin 7 Márta 2025 ag an eagraíocht ar an neamhchomhlíontacht sin a fuarthas, déanfar an deimhniú formheasa a chúlghairm, a theorannú nó a chur ar fionraí ina iomláine nó go páirteach.

6. De mhaolú ar phointe 21.A.125C(a)(1) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), ní bheidh sé de cheangal ar eagraíocht a tháirgeann táirgí, páirteanna nó fearais gan deimhniú formheasa agus ag a bhfuil litir chomhaontaithe bhailí a eisíodh an 7 Márta 2023 nó roimhe i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) ceanglais ábhartha Iarscríbhinn I a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 a chomhlíonadh.

7. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a phríomháit ghnó i mBallstát agus atá freagrach as monarú táirgí agus a bpáirteanna agus a bhfearas i gcomhréir le hAirteagal 2(2), féadfaidh sé, de rogha air sin, a chumas a léiriú i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom).

8. Ní cheanglófar léiriú ar chumas de bhun mhíreanna 1 nó 2 i gcás ina mbeidh baint ag an eagraíocht táirgthe nó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach leis na gníomhaíochtaí monaraíochta seo a leanas:

(a) monarú páirteanna nó fearas atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (is é sin Foirm 1 EASA);

(b) monarú páirteanna atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom), lena suiteáil in aerárthach a bhí faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (is é sin Foirm 1 EASA);

(c) monarú aerárthaigh a bhí faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh dá dtagraítear in Airteagal 2(3), agus monarú páirteanna atá incháilithe lena suiteáil san aerárthach sin. I gcás den chineál sin, is i gcomhréir le Roinn A, Fochuid R, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a dhéanfaidh eagraíocht táirgthe nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a phríomháit ghnó i mBallstát na gníomhaíochtaí monaraíochta.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus córais tuairiscithe tarluithe atá le bunú ag eagraíochtaí deartha agus táirgthe, agus le nósanna imeachta a gcuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm iad, agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 33, 15.2.2022, lch. 7).".

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN